**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta** **M.22T**

**Scrúdú Ardteistiméireachta, 2001**

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20**

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II). Tá na ceisteanna go léir ar chómharc.**

**THALL →**

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. Gearóid Mór**
*Géillsineach cumhachtach uaillmhianach ba ea Gearóid Mór, 8ú Iarla Chill Dara, go raibh sé deacair do mhonarc a bhí i bhfad ó bhaile smacht a choinneáil air.*
Déan é sin a phlé. (80)

**A.2. Tomás an tSíoda**
Tabhair cúiseanna le héirí amach Thomás an tSíoda, agus déan plé ar an tuairim gur *dhúshlán tábhachtach a bhí ann don chumhacht ríoga in Éirinn.*
(80)

**A.3. Éire na nGael**
*B'fhurasta Éire na nGael a aithint i dtréimhse na dTúdarach ón saol ar leith a bhí ann ó thaobh cúrsaí polaitíochta, cúrsaí sóisialta, cúrsaí cultúrtha agus cúrsaí eacnamaíochta.*
Déan é sin a phlé. (80)

**A.4. Anraí VIII**
Cén fáth ar theastaigh ó Anraí VIII (1509 – 1547) athrú creidimh a chur i gcrích in Éirinn, agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis sin a dhéanamh?
(80)

**A.5. Éadhbhard VI agus Máire Túdar**
Déan plé ar an tionchar a bhí ar Éirinn ag réimis **gach** duine de na monairc Shasanacha, Éadhbhard VI (1547 - 1553) agus Máire Túdar (1553 - 1558).
(80)

### B

**B.1. Eilís I**
Déan trácht ar an gcás mar a bhí ag Caitlicigh in Éirinn i rith réimeas Eilís I (1558 - 1603).
(80)

**B.2. Seán Ó Néill**
Déan plé ar an tuairim *gur bheag an baol don chumhacht ríoga in Éirinn é Seán Ó Néill.*
(80)

**B.3. Cumhachtaí Eorpacha agus Éire**
Tabhair breithmheas ar an gcaoi ar chur cumhachtaí Eorpacha a ladar isteach i gcúrsaí na hÉireann le linn do Eilís a bheith ina banríon ar Shasana (1558-1603).
(80)

**B.4. Aodh Ó Néill**
Déan plé ar an tuairim go raibh scil ag Aodh Ó Néill i gcúrsaí míleata agus i gcúrsaí polaitíochta.
(80)

**B.5. Plandálacha**
*D'éirigh le Plandáil Uladh níos fearr ná mar a d'éirigh le Plandáil na Mumhan.*
Déan é sin a phlé.
(80)

### C

**C.1. Ferdinand agus Isabella**
Déan plé ar an tuairim *gurbh iad Ferdinand as Aragon agus Isabella as Castilla a leag síos an bhunchloch a bhí ag aontacht agus ag cumhacht na Spáinne.*
(80)

**C.2. Sasana i rith réimeas Eilíse**
Cén fáth gur tugadh 'aois órga' ar an tréimhse ina raibh Eilís ina banríon ar Shasana (1558 - 1603)?
(80)

**C.3. Renaissance an Tuaiscirt**
Déan trácht ar na príomh-thréithe a bhain leis an Renaissance i dTuaisceart na hEorpa.
(80)

**C.4. An Fhrainc agus an Iodáil**
Déan trácht ar an bpáirt a ghlac ríthe na Fraince san Iodáil i rith na tréimhse, 1494 – 1529.
(80)

**C.5. Forleathnú na Portaingéile thar lear**
*Bhí baint ag taiscéalaíocht, ag coilíniú agus ag trádáil le forleathnú na Portaingéile thar lear.*
Déan plé air sin. (80)

## D

**D.1. An Reifirméisean sa Ghearmáin**
Tabhair cúiseanna gur éirigh chomh maith sin leis an Liútearánachas sa Ghearmáin anuas go dtí Síocháin Augsburg, 1555.
(80)

**D.2. An Reifirméisean san Eilvéis**
Scrúdaigh an pháirt a ghlac Huldrich Zwingli sa Reifirméisean san Eilvéis.
(80)

**D.3. An Frith-Reifirméisean**
Déan plé ar láidreachtaí agus ar laigí an Fhrith-Reifirméisin.
(80)

**D.4. Pilib II na Spáinne**
Déan plé ar an tuairim gur le linn réimeas Philib II (1558 – 1598) a thosaigh meathlú na Spáinne mar chumhacht mhór.
(80)

**D.5. Bunús an Chogaidh Tríocha Bliain**
Scrúdaigh na dálaí i saol agus i bpolaitíocht na hEorpa ba chúis le briseadh amach an Chogaidh Tríocha Bliain.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1477 – 1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar i stair na hÉireann, 1477 - 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis úsáid a bhaint as** agus Ranna **A** agus **B** á bhfreagairt agat.
(56)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a d'úsáid tú le haghaidh eolais ar d'ábhar taighde.
(8)

**(iii)** As ceann **amháin** de na foinsí atá ainmnithe agat ag (ii) thuas, cén fhianaise a fuair tú ar cheann **amháin** díobh seo a leanas: claonadh (leathtaobhachas); bolscaireacht; oibiachtúlacht; cothromaíocht; roghnacht? Mínigh do fhreagra.
(16)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a lenas:

**(i)** An Pháil.
**(ii)** Gearóid Óg, 9ú hIarla Chill Dara.
**(iii)** 'Tomás Dubh' De Buitléir, Iarla Urmhumhan.
**(iv)** Séamas Mac Muiris Mac Gearailt.
**(v)** Aodh Rua Ó Domhnaill.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1453 - 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar i stair na hEorpa, 1453 - 1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis úsáid a bhaint as** agus Ranna **C** agus **D** á bhfreagairt agat.
(56)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a d'úsáid tú le haghaidh eolais ar d'ábhar taighde.
(8)

**(iii)** As ceann **amháin** de na foinsí atá ainmnithe agat ag (ii) thuas, cén fhianaise a fuair tú ar cheann **amháin** díobh seo a leanas: claonadh (leathtaobhachas); bolscaireacht; oibiachtúlacht; cothromaíocht; roghnacht? Mínigh do fhreagra.
(16)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Conquistadores na Spáinne.
**(ii)** Na Turcaigh Otamánacha, 1453 - 1571.
**(iii)** Teacht i dtreis Dhiúcacht Mhoscú.
**(iv)** Forbairtí i gcúrsaí eolaíochta agus i gcúrsaí leighis idir 1453 agus 1618.
**(v)** Anraí IV na Fraince, 1589 - 1610.
(80)

**THALL →**

**CÚRSA II**
**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

**A**

**A.1. Gladstone agus Éire**
*Sé an aidhm atá agam ná Éire a thabhairt chun síochána.* (W.E. Gladstone).
Cé chomh mór a bhí Gladstone tar éis an aidhm seo a thabhairt i gcrích faoin am a d'éirigh sé as an bpolaitíocht sa bhliain 1894? (80)

**A.2. Charles Stewart Parnell**
Déan scrúdú ar ghnímhréim pholaitíochta Charles Stewart Parnell agus aird á tabhairt agat ar conas a d'éirigh leis i gcúrsaí áirithe gur theip air i gcúrsaí eile. (80)

**A.3. Na Caomhnaigh agus Éire, 1886 - 1906**
Déan plé ar an tuairim gur chuir na Caomhnaigh roinnt mhaith beartaíochtaí i bhfeidhm a chuaigh chun tairbhe go mór d'Éirinn sa tréimhse, 1886 - 1906. (80)

**A.4. An Náisiúnachas Nua**
Scrúdaigh cé chomh mór agus a chuidigh **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas leis an náisiúnachas nua: Mícheál Cíosóg agus aithbheochan chluichí traidisiúnta na hÉireann; Dubhghlas de hÍde agus an ghluaiseacht um athbheochan na Gaeilge; D. P. Moran agus an nuachtán Leader; Art Ó Gríofa agus gluaiseacht Shinn Féin; Pádraig Mac Piarais. (80)

**A.5. Frith-Sheasamh na nAontachtaithe in aghaidh Féin-Rialtais, 1886 – 1920.**
Déan plé ar an tionchar a bhí ag frithsheasamh na nAontachtaithe in aghaidh Féin-Rialtais d'Éirinn ar an gcaoi a d'fhorbair stair na hÉireann i rith na tréimhse, 1886 – 1920. (80)

**B**

**B.1. Cumann na nGaedheal, 1922 - 1932**
Scrúdaigh éachtaí Rialtas Chumann na nGaedheal i gcúrsaí polaitíochta agus i gcúrsaí eacnamaíochta idir 1922 agus 1932. (80)

**B.2. Fadhb na Slándála, 1932 – 1945**
*Idir 1932 agus 1945 chuir rialtas na hÉireann modhanna cinnte i bhfeidhm chun a údarás a chaomhnú agus chun slándáil an stáit a chosaint.*
Déan é sin a phlé. (80)

**B.3. Éire i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939 - 1945**
Déan plé ar na dálaí sóisialta agus na dálaí eacnamaíochta in Éirinn i rith thréimhse an Dara Cogadh Domhanda, 1939 - 1945. (80)

**B.4. An Chéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 – 1951**
Tabhair breithmheas ar an gCéad Rialtas Idir-Pháirtí, 1948 – 1951, maidir leis an gcaoi ar éirigh leis i gcúrsaí áirithe agus gur theip air i gcúrsaí eile. (80)

**B.5. Tuaisceart Éireann, 1939 – 1966**
Déan cur síos ar na deacrachtaí i dTuaisceart Éireann i rith na tréimhse, 1939 – 1966, agus tabhair breithmheas ar na hiarrachtaí a rinneadh chun iad a réiteach. (80)

**C**

**C.1. An Fhrainc, 1871 – 1914**
*Ba thréimhse an-mhíshocair don Fhrainc iad na blianta idir 1871 agus 1914.*
Déan é sin a phlé. (80)

**C.2. Bismarck, 1871 – 1890**
*Léirigh Bismarck go raibh scil pholaitíochta thar na bearta aige maidir leis an gcaoi ar lámhseáil sé cúrsaí intíre na Gearmáine.*
Déan é sin a phlé. (80)

**C.3. An Bhreatain, 1870 – 1918**
Rianaigh an dul chun cinn a rinneadh maidir le leasaithe i gcúrsaí polaitíochta agus i gcúrsaí sóisialta sa Bhreatain i rith na tréimhse, 1870 - 1918. (80)

**C.4. Forleathnú na hEorpa thar lear, 1870 - 1914**
Déan plé ar na cúiseanna le forleathnú na hEorpa thar lear i rith na tréimhse, 1870 - 1914, agus tabhair breithmheas ar an tionchar a bhí ag an bhforleathnú sin ar na cumhachtaí Eorpacha iad féin. (80)

**C.5. Ceist an Oirthir, 1870 – 1914**
Taispeáin conas go raibh tionchar ag Ceist an Oirthir ar an gcaidreamh a bhí ann idir na cumhachtaí Eorpacha i rith na tréimhse, 1870 - 1914.

(80)

## D

**D.1. Iodáil na bhFaisisteach**
Tabhair cúiseanna le teacht i dtreis an fhaisisteachais san Iodáil, agus déan plé ar éachtaí an stáit fhaisistigh sa tír sin anuas go dtí timpeall na bliana 1935.
(80)

**D.2. Gearmáin na Naitsíoch, 1933 – 1939**
Déan plé ar an gcaoi, sna blianta idir 1933 agus 1939, inar dhaingnigh Hitler a chumhacht agus mar a rinne sé stát sa Ghearmáin ina raibh ollsmacht i bhfeidhm.
(80)

**D.3. An Rúis Shóivéideach, 1928 – 1966**
Déan trácht ar fhorbairtí eacnamaíochta sa Rúis Shóivéideach i rith na tréimhse, 1928 - 1939, **nó** i rith na tréimhse, 1953 – 1966.
(80)

**D.4. An Cogadh Fuar agus an Eoraip, 1945 - 1966**
Tabhair breithmheas ar thionchar an Chogaidh Fhuair ar an gcaidreamh idir an Rúis Shóivéideach agus an chuid eile den Eoraip i rith na tréimhse, 1945 – 1966.
(80)

**D.5. Dí-choilíniú, 1945 - 1966**
Déan trácht ar aistarraingt **ceann nó níos mó** de na cumhachtaí Eorpacha ó choilíneachtaí thar lear i rith na tréimhse, 1945 - 1966.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1868 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar i stair na hÉireann, 1868 - 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air **ach nár úsáid tú** agus Ranna **A** agus Ranna **B** á bhfreagairt agat.
(56)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a d'úsáid tú le haghaidh eolais ar d'ábhar taighde.
(8)

**(iii)** As ceann **amháin** de na foinsí atá ainmnithe agat ag (ii) thuas, cén fhianaise a fuair tú maidir le ceann **amháin** díobh seo a leanas: claonadh (leathtaobhachas); bolscaireacht; oibiachtúlacht; cothromaíocht; roghnacht? Mínigh do fhreagra.
(16)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Mícheál Dáibhid.
**(ii)** Cogadh na Saoirse in Éirinn, 1919 - 1921.
**(iii)** Bunreacht na hÉireann (1937).
**(iv)** Dálaí in Éirinn maidir le cúrsaí sóisialta agus cúrsaí eacnamaíochta sa tréimhse, 1951 – 1966.
**(v)** An Ghaeilge faoi rialtas dúchais, 1922 - 1966.

(80)

**E.3. An Eoraip, 1870 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i Stair na hEorpa, 1870 - 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air **ach nár úsáid tú** agus Ranna **C** agus **D** á bhfreagairt agat.
(56)

**(ii)** Ainmnigh na foinsí a d'úsáid tú le haghaidh eolais ar d'ábhar taighde.
(8)

**(iii)** As ceann **amháin** de na foinsí atá ainmnithe agat ag (ii) thuas, cen fhianaise a fuair tú maidir le ceann **amháin** díobh seo a leanas: claonadh (leathtaobhachas); bolscaireacht; oibiachtúlacht; cothromaíocht; roghnacht. Mínigh do fhreagra.
(16)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Forbairt sna healaíona san Eoraip, 1870 - 1966.
**(ii)** Gluaiseacht an tsóisialachais san Eoraip, 1870 – 1914.
**(iii)** Cogaíocht i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda, 1914 – 1918.
**(iv)** Cogadh Cathartha na Spáinne, 1936 - 1939.
**(v)** Konrad Adenauer.

(80)